Draíocht na Fógraíochta

Cuid 1: Póstaer a dhearadh

Iarrtar oraibh bheith ag obair mar ghrúpa beag chun póstaer a chruthú le bhur dtáirge a fhógairt sa scoil.

Roghnaígí teideal agus cuirigí sonraí eile leis a bhfuil tábhacht leo, dar libh.

Bainigí úsáid as grafaicí/grianghraif dhigiteacha nó íomhánna scanta agus téacs.

Socraígí bhur gcuid eolais agus cinnigí ar stíleanna agus éifeachtaí fóirsteanacha le haird an spriocghrúpa a tharraingt.

Déanaigí machnamh ar:
- an leagan amach;
- méid agus stíl na gclónna;
- úsáid fhéideartha imlínte, boscaí téacs nó cúlraí;
- méid agus stíl na ngrafaicí.

Bainigí úsáid as grafaicí/grianghraif dhigiteacha nó íomhánna scanta agus téacs. Suígí agus, más gá, athraígí méid na ngrafaicí grafaicí le bhur bpóstaer a dhéanamh chomh tarraingteach agus is féidir.

Labhraígí le bhur múinteoir faoi athruithe ar bith a rinne sibh ar bhur bpóstaer agus mínígí an fáth a ndearna sibh iad.

Taispeánaigí bhur bpóstaer don rang agus pléigí an féidir é a fheabhsú.

Déanaigí athruithe más gá, cuirigí bhur n-ainmneacha leis agus sábhálaigí cóip.

Draíocht na Fógraíochta

Cuid 2: Cruthaigh Fógra Teilifíse

Iarrtar oraibh bheith ag obair mar ghrúpa beag chun gearrscannán a chruthú le bhur dtáirge a fhógairt sa scoil.

Amharcaigí ar fhógraí teilifíse agus pléigí an t-ábhar atá iontu.

Ag obair le dalta eile, bainigí úsáid as ceamara digiteach/físcheamara leis an tuairisc a thaifeadadh.
Triailigí sraitheoga éagsúla. Srathaígí na fuaimeanna, na héifeachtaí, na teidil agus na creidiúintí. Cuirigí teideal ar bhur scannán agus cuirigí creidiúintí leis.

Amharcaigí ar bhur gcuid oibre agus déanaigí féinmheasúnú uirthi/nó iarraigí barúlacha ar dhaoine eile. Déanaigí athruithe ar bith atá de dhíth.

Cuirigí teideal ar bhur bhfógra agus sábhálaigí é.

Cuirigí an fógra i láthair bhur spriocghrúpa agus labhraígí ar an dóigh a ndearna sibh é.

Tugaigí deis do dhaoine eile aiseolas a thabhairt daoibh maidir lena mbarúlacha féin ar an táirge.

Draíocht na Fógraíochta

Cuid 3: Cruthaigh Fógra Raidió

Iarrtar ort bheith ag obair mar bhall de ghrúpa beag chun fógra raidió a chruthú le bhur dtáirge a fhógairt sa scoil.

Bainigí úsáid as ríomhaire a bhfuil micreafón ann le fógra ar do rogha ábhar a thaifeadadh.

Bainigí úsáid as clár bogearraí fóirsteanach le bhur bhfógra a thaifeadadh, a chur in eagar, a shábháil agus a fhoilsiú.

Taispeánaigí bhur bhfógra don chuid eile den rang agus pléigí an maith leo é agus an dteastódh an táirge uathu dá bharr.

Dá ndéanfadh sibh arís é, cad é a d'athródh sibh?

Sábhálaigí athruithe.